



## Feidhmeannach Margaíochta

### Conradh Cuspóra Sheasta – Sos Gairme a chlúdach

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar ardáin dhigiteacha. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Faoi láthair tá TG4 ag earcú Bainisteoir Cumarsáide a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i mBaile na hAbhann.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach Gaeilge den scoth a bheith agat, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó gur duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Is mian le TG4 Feidhmeannach Margaíochta a earcú chun tréimhse sos gairme a chlúdach. Ag freagairt don Stiúrthóir Margaíochta & Forbartha, beidh an Feidhmeannach Margaíochta i gceannas plean margaíochta a leagan amach agus a fheidhmiú.

### An Ról

Beidh an té a cheapfar freagrach as plean margaíochta TG4 a fheidhmiú agus branda TG4 a chuir chun cinn tríd ócáidí, comhpháirtíochtaí agus feachtais mhargaíochta TG4.

I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh:

- Feachtais Mhargaíochta TG4 a bhainistiú
- Comhpháirtíochtaí Urraíochta agus Corporáideacha TG4 a bhainistiú
- Ócáidí TG4 (leithéid Gradam Ceoil, An tOireachtas, Fleadh Cheoil) a bhainistiú
- Earraí agus ábhar priontáilte seachtrach TG4 a bhainistiú
- Oibriú i gcomhar le baill foirne eile TG4 chun branda agus íomhá TG4 a chur chun cinn
- Buiséad a bhainistiú
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann TG4 ag ócáidí agus imeachtaí gnó a bhfuil baint ag an eagra leo.
- Comhoibriú le léiritheoirí agus baill foirne eile go hinmheánach agus go seachtrach chun tograí a chuir i gcrích.

### Nithe atá riachtanach don phost seo:

A bheith tiomanta d’Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

Taithí ar Ócáidí agus Tograí Margaíochta ilárdán a bhainistiú agus a threorú

Taithí ar bheith ag plé leis an bpobal agus le comhpháirtithe seachtracha.

Tuiscint ar na pobail féachana éagsúla atá ag TG4 agus ábalta eolas a threorú dá réir

Duine Eagraithe a bhfuil taithí mhaith aige ar thograí a riar.

Ard-scileanna scríofa agus labhartha sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach, solúbtha, as do stuaim féin agus a fheidhmíonn go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil. Beidh taithí chruthaithe agat ar Phlean Margaíochta a bhainistiú agus ar fhoireann a threorú agus a chomhordú.

Tá Polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm i TG4.

**Seol do CV mar aon le litir iarratais ina leagtar amach an bealach a n-oireann do thaithí agus do cháilíochtaí don ról seo, chuig [cv@tg4.ie](mailto:cv@tg4.ie) nó chuig Oifig an Ard-Stiúrthóra, TG4, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, H91 X4T0, roimh 4pm Dé Máirt an 22 Samhain 2022.**